AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.10.2024
COM(2024) 453 final

2024/0250 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 109ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 109ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (MSC 109), atá le bheith ar siúl ón 2 Bealtaine go dtí an 6 Nollaig 2024.

Le linn MSC 109, tá sé beartaithe leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, is é is aidhm dó glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Pléann sé freisin leis na hábhair riaracháin agus na hábhair dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir ('SOLAS'), 1974, a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 1980. Níl an tAontas ina pháirtí in SOLAS. Is cód éigeantach faoi SOLAS é an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí íseal-splancphointe eile (Cód IGF).

2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is féidir le gach Stát a bheith ina chomhalta de IMO agus tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Ós rud é nach féidir le heagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch a bheith ina gcomhaltaí de IMO, níl an tAontas ina chomhalta den eagraíocht sin. Mar sin féin, tar éis shíniú an tSocraithe le haghaidh Comhoibriú agus Comhar a tugadh i gcrích idir an Eagraíocht Chomhairleach Mhuirí Idir-Rialtasach (IMCO) agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach in 1974, tá an Coimisiún rannpháirteach mar bhreathnóir in obair IMO agus, dá bhrí sin, is féidir leis aighneachtaí a tharchur chuig an eagraíocht sin faoina ainm féin.

Tá Comhaltaí uile IMO ar Choiste Muir-Shábháilteachta (MSC) IMO agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Pléann sé le haon ábhar atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a bhaineann le háiseanna loingseoireachta, tógáil agus trealamh soithí,

saincheisteanna maidir leis an líon foirne a mhéid a bhaineann leis an tsábháilteacht, rialacha chun imbhuailtí a chosc, láimhseáil lastaí contúirteacha, nósanna imeachta agus ceanglais maidir leis an tsábháilteacht mhuirí, faisnéis hidreagrafach, logleabhair agus taifid loingseoireachta, imscrúdú ar thaismigh mhuirí, tarrthálas agus tarrtháil, agus aon ábhar eile a dhéanann difear díreach don tsábháilteacht mhuirí.

Cuireann Coiste Muir-Shábháilteachta IMO sásra ar fáil chun aon dualgas a shannann Coinbhinsiún IMO, Comhthionól IMO nó Comhairle IMO dó a chur i gcrích, nó aon dualgas faoi chuimsiú an raoin feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dó le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a nglacfadh IMO leis. Is trí thromlach na gComhaltaí a ghlacfar cinntí an Choiste Muir-Shábháilteachta agus a fhochomhlachtaí.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coiste Muir-Shábháilteachta IMO

An 2 go dtí an 6 Nollaig 2024, le linn a 109ú seisiún, tá an Coiste Muir-shábháilteachta le leasuithe ar Chód IGF a ghlacadh.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Chód IGF feabhas a chur ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, a úsáideann gás nádúrtha agus breoslaí íseal-splancphointe eile (mar bhreoslaí muirí). Le glacadh na leasuithe sin, cuirfear chun cinn úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus go háirithe gáis agus breoslaí íseal-splancphointe eile amhail Meatánól, Hidrigin agus Amóinia ísealcharbóin agus saor ó charbón. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóirí dícharbónaithe agus díthruaillithe phacáiste reachtach an Aontais 'Oiriúnach do 55'.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS SA 109Ú SEISIÚN DEN CHOISTE MUIR-SHÁBHÁILTEACHTA

3.1. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

Ag an 9ú seisiún a bhí aige, chomhaontaigh an Fochoiste um Iompar Lastaí agus Coimeádán (CCC) Meitheal um Leasuithe ar Chód IGF a bhunú agus thug sé treoir dó, agus na barúlacha agus na cinntí a rinneadh sa suí iomlánach á gcur san áireamh, dréacht-thacar leasuithe ar Chód IGF a ullmhú bunaithe ar na doiciméid a cuireadh faoi bhráid an tseisiúin sin.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar thuarascáil na Meithle thuasluaite, thug CCC 9 dá aire an plé a rinne an Mheitheal ar na dréachtleasuithe ar Chód IGF agus go raibh bailchríoch curtha ag an Meitheal orthu. Áirítear leis na leasuithe saincheisteanna éagsúla, cuir i gcás toibreacha caidéal súite, comhlaí sábháilteachta chun brú a scaoileadh, seomraí ullmhúcháin breosla, criosanna struchtúracha cosanta dóiteáin agus criosanna struchtúracha guaiseacha.

Tháinig CCC 9 ar chomhaontú maidir leis na dréachtleasuithe ar Chód IGF, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le CCC 9/14, lena gcur isteach chuig MSC 108 lena bhformheas agus lena nglacadh ina dhiaidh sin.

Ba é seasamh an Aontais in CCC 9 tacú leis na dréachtleasuithe ar Chód IGF mar a moladh in CCC 9/3/3 (an Libéir et al.) agus tacú le meitheal a bhunú chun bailchríoch a chur ar na leasuithe ar Chód IGF agus chun doiciméid CCC 9/3/5 (Poblacht na Cóiré, an Libéir agus INTERTANKO) agus CCC 9/3/8 (CESA) a mheas.

D'fhormheas MSC 108 dréachtleasuithe ar Chód IGF, d'fhonn iad a ghlacadh ag MSC 109. Scaipeadh na leasuithe sin trí Chiorclán IMO Uimh. 4879 an 29 Bealtaine 2024 in Iarscríbhinn 2.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfidh siad feabhas ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, a úsáideann gás nádúrtha mar bhreosla. Soláthraíonn na leasuithe seo leibhéal coibhéiseach cosanta don chóras píopaí agus d'ionraon umair ó línte comhlaí chun brú a scaoileadh le linn gnáthoibríochta agus éigeandála. Ina theannta sin, ba cheart a aithint laistigh de Chód IGF gur ann do thoibreacha beaga d'umair bhreosla GNL.

4. REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA AN AONTAIS EORPAIGH AGUS INNIÚLACHT AN AONTAIS EORPAIGH

4.1.1. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

Le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí a bhíonn i mbun turais intíre, cuirtear SOLAS, mar a leasaíodh, i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí Aicme A. Ós rud é gur Cód éigeantach é Cód IGF faoi SOLAS, is infheidhme é freisin mar sin maidir le longa paisinéirí faoin Treoir sin.

Ina theannta sin, tá rialacháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE i ranna 1 agus 2 lena n-éilítear ceanglais Chód IGF a chomhlíonadh:

- Rialachán II-1/G/1: is infheidhme maidir le longa nua d'Aicmí B, C agus D [agus longa Aicme B atá ann cheana] - 'Longa, gan beann ar an dáta tógála, a athchóiríodh chun breosla gásach nó leachtach a úsáid nó a thugann gealladh breosla gásach nó leachtach a úsáid, breoslaí ina bhfuil splancphointe níos ísle ná mar a cheadaítear seachas sin faoi Rialachán II-2/A/10, fomhír.1.1, comhlíonfaidh siad ceanglais Chód IGF, mar a shainmhínítear in Solas II-1/2.28.'; agus
- Rialachán II-1/G/57: Ceanglais maidir le longa a úsáideann breoslaí íseal-splancphointe - 'Comhlíonfaidh longa a úsáideann breosla gásach nó leachtach a bhfuil splancphointe níos ísle acu ná mar a cheadaítear seachas sin faoi Rialachán II-2/4.2.1.1 ceanglais Chód IGF, mar a shainmhínítear in Solas II-1/2.28.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE.

4.1.2. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh

Baineann ábhar na ngníomhartha atá beartaithe le réimse ar ina leith atá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme'.

5. AN BUNÚS DLÍ

5.1. Bunús dlí don nós imeachta

5.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') déantar foráil maidir le cinntí lena suitear *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[1].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

5.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Cuireadh Coiste Muir-Shábháilteachta IMO ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-rialtasach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha a iarrtar ar an gcoiste sin de chuid IMO a ghlacadh. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil sa reachtaíocht seo de chuid an Aontais Eorpaigh agus go sonrach:

– Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí. Is amhlaidh an cás toisc go bhforáiltear le hAirteagal 6 den Treoir sin nach mór feidhm a bheith ag forálacha Chaibidlí IV, V agus VI de Choinbhinsiún SOLAS 1974, mar a leasaíodh, maidir le longa paisinéirí nua agus atá ann cheana d'Aicmí A, B, C agus D [Airteagal 6(1)(b)] agus nach mór do longa paisinéirí nua d'Aicme A ceanglais Choinbhinsiún SOLAS 1974, mar a leasaíodh [Airteagal 6(2)(a)(i)], a chomhlíonadh go hiomlán. Ós rud é gur Cód éigeantach faoi SOLAS é Cód IGF, tá sé infheidhme freisin mar sin maidir le longa paisinéirí faoi Threoir 2009/45/CE de bhua na dtagairtí dinimiciúla do SOLAS faoin Treoir. Thairis sin, tá rialacháin ann in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE lena n-éilítear ceanglais Chód IGF a chomhlíonadh go díreach.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

---

1 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

2 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

5.2. Bunús dlí substainteach

5.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

5.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

5.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2024/0250 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 109ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 28(b) den Choinbhinsiún maidir le IMO, cuireann an Coiste Muir-Shábháilteachta sásra ar fáil chun aon dualgas a shanntar dó a chur i gcrích i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, nó aon dualgas a shannann Comhthionól IMO nó Comhairle IMO dó a chur i gcrích, nó aon dualgas laistigh de raon feidhme an Airteagail sin a d'fhéadfaí a shannadh don Choiste Muir-Shábháilteachta faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh IMO glacadh leis.

(4) Tá Coiste Muir-Shábháilteachta IMO, ina 109ú seisiún ón 2 go dtí an 6 Nollaig 2024, le leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF) a ghlacadh. Áirítear leis na leasuithe saincheisteanna éagsúla, cuir i gcás toibreacha caidéal súite, comhlaí sábháilteachta chun brú a scaoileadh, seomraí ullmhúcháin breosla, criosanna struchtúracha cosanta dóiteáin agus criosanna struchtúracha guaiseacha.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 109ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, is é sin Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí[1].

(6) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF) toisc go gcuirfidh siad feabhas ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, a úsáideann gás nádúrtha mar bhreosla. Soláthraíonn na leasuithe seo leibhéal

[1] IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

coibhéiseach cosanta don chóras píopaí agus d'ionraon umair ó línte comhlaí chun brú a scaoileadh le linn gnáthoibríochta agus éigeandála. Ina theannta sin, ba cheart a aithint laistigh de Chód IGF gur ann do thoibreacha beaga d'umair bhreosla GNL. Le glacadh na leasuithe sin, cuirfear chun cinn úsáid breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus go háirithe gáis agus breoslaí íseal-splancphointe eile amhail Meatánól, Hidrigin agus Amóinia ísealcharbóin agus saor ó charbón. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóirí dícharbónaithe agus díthruaillithe phacáiste reachtach an Aontais 'Oiriúnach do 55'.

(7) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de IMO, agus ag an gCoimisiún, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 109ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO aontú le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Ciorclán IMO Uimh. 4879 an 29 Bealtaine 2024.

Airteagal 2

An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán